

UMHLÚ DON OILEÁN

Nuair a bhíonns bádóirí a'gúl thar Oileán Muirghileach, ar an taobh ó dheas lagann siad a gcuid seol. Leigeann siad anuas trí iarraidh iad agus arduigheann aríst trí iarraidh iad in ómós do Mhac Dara agus deir siad paidir san am céadhna. An fear sa gcurach baineann sé de a chaipín agus deir sé paidir sul má ghlanann sé amach thar an oileán. Níor chuala mé gur báthadh aon fhear ariamh thimpeall Oileán Mhic Dara.